**B1 Topaic 1**

**04 Logainmneacha**

**Labhairt**

3

## 04 Logainmneacha

**Le múineadh:**

- Ag lorg eolais faoin áit a bhfuil duine ina c(h)ónaí agus ag tabhairt an eolais sin.

4

**Bileog**

**Logainmneacha**

5

## Logainmneacha

- Sula n-éisteann tú le beirt chainteoirí ag rá cén áit go díreach a bhfuil siad ina gcónaí bí ag obair leis an duine in aice leat le bheith cinnte go dtuigeann sibh na focail seo:

6

- **sa chathair**
- **sa bhaile**
- **ar imeall na cathrach**
- **ar imeall an bhaile**
- **i mbruachbhaile**
- **díreach in aice leis an fharraige**
- **ceantar tuaithe**
- **iargúlta**

7

Féach ar na logainmneacha a bheas le cloisteáil ar an téip.

- Málainn
- Ranalach
- Bóthar na Canálach
- Ardán na Páirce
- Baile Uí Ghormáin
- Carn Domhnach
- Dún Damh

8

©GaeilgegoDeo2025

- An féidir libh chomh maith na logainmneacha seo a cheangal leis na leagain Bhéarla?

- Carndonagh
- Ballygorman
- Dunaff
- Malin
- Ranelagh
- Field’s Terrace
- Canal Road

- Málainn
- Ranalach
- Bóthar na Canálach
- Ardán na Páirce
- Baile Uí Ghormáin
- Carn Domhnach
- Dún Damh

9

- An féidir libh chomh maith na logainmneacha seo a cheangal leis na leagain Bhéarla?

- Carndonagh
- Ballygorman
- Dunaff
- Malin
- Ranelagh
- Field’s Terrace
- Canal Road

- Carn Domhnach
- Baile Uí Ghormáin
- Dún Damh
- Málainn
- Ranalach
- Ardán na Páirce
- Bóthar na Canálach

10

## Logainmneacha

- Anois, éist leis an bheirt chainteoirí ag rá cén áit go díreach a bhfuil siad ina gcónaí.
- Cuir tic san áit cheart ar an léarscáil.
- Bí cúramach áfach, tá logainmneacha i mBéarla ar na léarscáileanna ach tá siad i nGaeilge ag na cainteoirí.

11

## Logainmneacha

- Cloisfidh tú na míreanna dhá uair.





12




13




14

©GaeilgegoDeo2025




15




16

## Cainteoir 1 - Script

- Haló! Is mise Siobhán, tá mé i mo chónaí in áit iontach iargúlta ar fad.
- Níl sé díreach in aice leis an fharraige ach tá sé cóngarach go leor di.
- Caithfidh tú dul fríd Carn Domhnach le dul ann.
- Tá an baile a bhfuil mé i mo chónaí ann idir Carn Domhnach agus Baile Uí Ghormáin.

17

## Cainteoir 1 - Script

- Is maith liom an áit go mór, ceantar tuaithe atá ann agus mar sin níl mórán áiseanna thart ach tá na tránna go hálainn agus is breá liom na sléibhte atá thart orm.
- É sin ráite, tá teach tábhairne sa bhaile, oifig an phoist, siopa grósaera agus bialann bheag.
- Is leor sin domhsa.

18

## Cainteoir 2 - Script

- Diarmuid anseo.
- Tá mé féin i mo chónaí i mBaile Átha Cliath, is féidir leat a rá go bhfuil mé i mo chónaí ar imeall lár na cathrach, bruachbhaile atá ann, darb ainm Ranalach.
- Tá mo theach díreach in aice leis an scoil ilchreidmheach ar do bhealach isteach go dtí Ranalach ó lár na cathrach.

19

## Cainteoir 2 - Script

- Trasnaíonn tú an chanáil agus bóthar na canálach.
- Ansin tá tú ar bhóthar Ranalaigh, agus téigh díreach ar aghaidh.
- Feicfidh tú an scoil ilchreidmheach ar do dheis agus ansin tá an stáisiún Luas go luath tar éis sin ar do dheis chomh maith.
- Tá mise i mo chónaí ar an chéad chasadh ar dheis tar éis an stáisiún Luas.

20

©GaeilgegoDeo2025

## Logainmneacha

- Anois, éist arís leis an script.

21

## Cainteoir 1 - Script

Haló! Is mise Siobhán, tá mé i mo chónaí in áit iontach iargúlta ar fad. Níl sé díreach in aice leis an fharraige ach tá sé cóngarach go leor di. Caithfidh tú dul fríd Carn Domhnach le dul ann. Tá an baile a bhfuil mé i mo chónaí ann idir Carn Domhnach agus Baile Uí Ghormáin. Is maith liom an áit go mór, ceantar tuaithe atá ann agus mar sin níl mórán áiseanna thart ach tá na tránna go hálainn agus is breá liom na sléibhte atá thart orm. É sin ráite, tá teach tábhairne sa bhaile, oifig an phoist, siopa grósaera agus bialann bheag. Is leor sin domhsa.

22

## Cainteoir 2 - Script

Diarmuid anseo. Tá mé féin i mo chónaí i mBaile Átha Cliath, is féidir leat a rá go bhfuil mé i mo chónaí ar imeall lár na cathrach, bruachbhaile atá ann, darb ainm Ranalach. Tá mo theach díreach in aice leis an scoil ilchreidmheach ar do bhealach isteach go dtí Ranalach ó lár na cathrach. Trasnaíonn tú an chanáil agus bóthar na canálach. Ansin tá tú ar bhóthar Ranalaigh, agus téigh díreach ar aghaidh. Feicfidh tú an scoil ilchreidmheach ar do dheis agus ansin tá an stáisiún Luas go luath tar éis sin ar do dheis chomh maith. Tá mise i mo chónaí ar an chéad chasadh ar dheis tar éis an stáisiún Luas.

23

## Logainmneacha

- Anois, leigh an script amach os ard, tú féin.

24

## Cainteoir 1 - Script

- Haló! Is mise Siobhán, tá mé i mo chónaí in áit iontach iargúlta ar fad.
- Níl sé díreach in aice leis an fharraige ach tá sé cóngarach go leor di.
- Caithfidh tú dul fríd Carn Domhnach le dul ann.
- Tá an baile a bhfuil mé i mo chónaí ann idir Carn Domhnach agus Baile Uí Ghormáin.

25

## Cainteoir 1 - Script

- Is maith liom an áit go mór, ceantar tuaithe atá ann agus mar sin níl mórán áiseanna thart ach tá na tránna go hálainn agus is breá liom na sléibhte atá thart orm.
- É sin ráite, tá teach tábhairne sa bhaile, oifig an phoist, siopa grósaera agus bialann bheag.
- Is leor sin domhsa.

26

©GaeilgegoDeo2025

## Cainteoir 2 - Script

- Diarmuid anseo.
- Tá mé féin i mo chónaí i mBaile Átha Cliath, is féidir leat a rá go bhfuil mé i mo chónaí ar imeall lár na cathrach, bruachbhaile atá ann, darb ainm Ranalach.
- Tá mo theach díreach in aice leis an scoil ilchreidmheach ar do bhealach isteach go dtí Ranalach ó lár na cathrach.

27

## Cainteoir 2 - Script

- Trasnaíonn tú an chanáil agus bóthar na canálach.
- Ansin tá tú ar bhóthar Ranalaigh, agus téigh díreach ar aghaidh.
- Feicfidh tú an scoil ilchreidmheach ar do dheis agus ansin tá an stáisiún Luas go luath tar éis sin ar do dheis chomh maith.
- Tá mise i mo chónaí ar an chéad chasadh ar dheis tar éis an stáisiún Luas.

28

Scríobh cuntas beag anois ar an áit a bhfuil tú féin i do chónaí.

__________________________

__________________________

__________________________

__________________________

__________________________

__________________________

__________________________

__________________________


29

*Terrace* an Ghaeilge atá ar **Ardán**. Cén Béarla atá ar na focail seo:

| | |
|---|---|
| Bóthar | Céide |
| Sráid | Cearnóg |
| Ascaill | Páirc |
| Plás | Cluain |

30

## Logainm.ie




31

©GaeilgegoDeo2025